# An Fiosraitheoir

## Tasc 1: Ag fiosrú focal

1. Cé acu thíos atá ar comhchiall le **an-mhór le chéile?**
   (a) Cairdiúil le chéile
   (b) Go hard
   (c) In aice a chéile
2. Tá an frása **cuid mhór** i bparagraf 1. An bhfuil dóigh eile leis seo a rá?
3. Cé acu thíos atá contrártha le **ar dtús?**
   (a) Sa lár
   (b) Sa deireadh
   (c) Sa bhaile
4. Tá Contae Dhoire i gCúige Uladh. Ainmnigh 3 chontae eile i gCúige Uladh.

## Tasc 2: Ag fiosrú feasa

1. Cad é ábhar an téacs seo, go príomha?
2. Cad é a thaitin leat faoin téacs seo?
3. Luaigh rud amháin suimiúil a d'fhoghlaim tú ón téacs seo.
4. Cén fáth a mbíonn Ant i gcónaí ar chlé agus Dec i gcónaí ar dheis, do bharúil?
5. An gcuireann Ant agus Dec duine ar bith eile i gcuimhne duit?

cea
Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com
Pictiúr Clúdaigh © David M. Benett/Getty Images
Foilseachán de chuid CCEA © 2016

6 Ant agus Dec

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Ant agus Dec

# Ant agus Dec

Rugadh Anthony Mc Partlin agus Declan Donnelly in Newcastle i Sasana sa bhliain 1975. Ba as Contae Dhoire in Éirinn do thuismitheoirí Declan Donnelly agus tá **cuid mhór** col ceathracha aige ansin go fóill. Cé gur rugadh an bheirt acu cóngarach dá chéile, ní raibh aithne acu ar a chéile go dtí gur thosaigh siad ag obair ar an chlár teilifíse *Byker Grove* sa bhliain 1989. Nuair a bhí siad ar *Byker Grove,* bhí an bheirt acu **an-mhór le chéile** agus bhí sé **soiléir** gur oibrigh siad an-mhaith le chéile os comhair an cheamara teilifíse.

Ba cheoltóirí iad chomh maith agus bhain siad úsáid as na hainmneacha PJ agus Duncan, na carachtair s'acu in *Byker Grove*. Is é *Let's Get Ready to Rumble* an t-amhrán is clúití a bhí acu. D'éirigh go hiontach leo **ar dtús**, ach i ndiaidh tamaill, ní raibh an spéis chéanna ag daoine ina gcuid ceoil agus stad siad de bheith ag éisteacht le PJ agus Duncan.

Shocraigh siad beirt dul go Londain ag cuartú oibre agus níorbh fhada go raibh siad os comhair an cheamara teilifíse arís faoi na hainmneacha Ant agus Dec. Sa lá atá inniu ann, bíonn an bheirt acu le feiceáil go minic ar thrí chlár mhóra teilifíse, mar atá *I'm a Celebrity...Get Me Out of Here!*, *Britain's Got Talent* agus *Saturday Night Takeaway*. Bíonn siad i mbéal an phobail sa Bhreatain agus in Éirinn fosta. Is léir go n-oibríonn siad go maith le chéile go fóill. Tá dúil mhór ag daoine iontu de thairbhe go mbíonn siad i gcónaí ag amaidí agus go mbíonn craic iontach leo.

Níor éirigh go maith leo in áiteanna eile, áfach. Bhog siad go Meiriceá ar feadh tamaill in 2008, cé nach raibh aithne ag mórán daoine orthu. Bhí plean acu clú agus cáil a bhaint amach ansin ach níor éirigh leo ar chor ar bith. Ní raibh dúil ag na Meiriceánaigh iontu cionn is nár thuig siad an dóigh ar labhair siad!

An bhfuil a fhios agat nuair a bhíonn Ant agus Dec os comhair an cheamara teilifíse nó in irisleabhar nó i bpáipéar nuachta, go mbíonn Ant i gcónaí ar chlé agus Dec i gcónaí ar dheis!

# Ceisteanna

**1.** **Cé acu abairt atá fíor?**
(a) Rugadh Ant agus Dec sa bhliain chéanna
(b) Tá Dec bliain níos sine
(c) Tá Ant bliain níos sine

**2.** **Cé acu abairt a léiríonn go raibh Ant agus Dec iontach cairdiúil le chéile?**
(a) Ní raibh aithne acu ar a chéile
(b) Bhí an bheirt acu an-mhór le chéile
(c) Rugadh an bheirt acu sa chathair chéanna

**3.** **Cén fáth a ndeachaigh siad go Londain?**
(a) Bhog a dtuismitheoirí go Londain
(b) Le páirt a ghlacadh in *Byker Grove*
(c) Le hobair a fháil

**4.** **Cad é mar atá a fhios againn go bhfuil siad clúiteach go fóill?**
(a) Bíonn siad le feiceáil ar an teilifís go minic
(b Tá siad beirt greannmhar
(c) Níl siad clúiteach anois

**5.** **Cad é mar a d'éirigh le Ant agus Dec i Meiriceá?**
(a) Bhí clú agus cáil orthu in áiteanna i Meiriceá
(b) Bhí siad chomh clúiteach agus a bhí siad sa Bhreatain
(c) Ní raibh na daoine ábalta iad a thuiscint

**6.** **Cén fáth a bhfuil dúil ag daoine iontu, do bharúil?**
(a) Tá cuma amaideach orthu
(b) Tá siad iontach greannmhar
(c) Tá siad iontach gruama

**7.** **I bparagraf 1 tá an focal soiléir in úsáid mar:**
(a) aidiacht.
(b) ainmfhocal.
(c) réamhfhocal

**8.** **Cén sórt téacs é seo?**
(a) Ficsean
(b) Neamhfhicsean
(c) Fógra